

BHUEL

Meitheamh 2015


 Ionad na Gaeilge Labhartha 


Clár:

- 1 [An Nasc idir an Cóbh, Jules Verne agus Torna](#)
- 5 [Flogging an Capall Marbh](#)
- 6 [Comórtas](#)
- 6 [Dúirt lacha liom go ndúirt lacha léi..](#)
- 7 [Blúiríní](#)



‘Rinne Torna aistriúchán ar ‘*Le tour du Monde en Quatre Virgts Jours*’ thart ar 1912 agus cuireadh i gcló é ó sheachtain go chéile san *Irish Weekly Independent*.’

An Nasc idir an Cóbh, Jules Verne agus Torna.


Rugadh Jules Verne i Nante na Fraince i 1528. Bhain sé licence en droit nó céim sa dlí amach i 1851 ach is mar scríbhneoir a chuimhnítear air. Scríobh sé ochtó úrscéal agus cúig dhráma déag nó pièce de théâtre. Tá cáil faoi leith air as sraith úrscéalta *Les Voyages Extraordinaires* a foilsíodh i dtosach báire san iris *Le Magasin d'Education et de récréation*.



Is é ceann des na húrscéalta sin ná *Le tour du Monde en Quatre Virgts Jours* a tháinig amach i dtosach 1873. Tháinig leagan stáitse amach i 1874 agus leagan scannáin i 1956, a bhuaigh cúig dhuais an Acadaimh, an duais don scannán is fearr, san áireamh. Bronntar duais Jules Verne ar an luamh a bhuan an rás mórthimpeall na cruinne sa lá atá inniu ann. Dála an scéil, tá éadromán sa scannán nach bhfuil sa leabhar in aon chor. Ba é bunús an leabhair ná geall £20,000 (thart ar £2 mhilliún in airgead an lae inniu) a cuireadh síos nach mbeadh Phileas Fogg, príomhcharachtar an leabhair, ball den Chlub Reform i Londain, Sasana, ábalta dul timpeall na cruinne taobh istigh d’ochtó lá. Bhí mórán cainte faoi dhaoine a bheith ábalta an turas sin a dhéanamh ag an am a scríobhadh an leabhar de bharr dul chun cinn a rinneadh i gcúrsaí taistil ag an am sin. Osclaíodh Conair Suez i 1869, an chéad iarnród trasna Mheirice Thuaidh i 1869 agus cónaisceadh na n-iarnród san India i 1870.



Do bheartaigh Fogg dul soir siar agus bhí an cinneadh sin tábhachtach ag an deireadh. Nuair a bhí siad ó dheas ó chósta na hÉireann ar an tslí ó Nua Eabhrac go Learpholl, bhí a fhios ag Fogg nach sroichfeadh sé Londain in am chun an geall a bhuachaint. Bheartaigh sé ar theacht i dtír sa Chóbh agus úsáid a bhaint as an traein lastais a bhíodh ag dul ón gCóbh go Baile Átha Cliath.



Málaí poist a bhíodh ar an traein sin, a shroicheadh Londain níos luaithe ná dá mbeidís fágtha ar bord loinge. Deirtear go dtéann an nós sin siar go dtí an fichiú haois. Buadh an geall sa deireadh mar bhí lá sa bhreis caite ag Fogg ag taisteal toisc go ndeachaigh sé soir siar.

Bheadh ionadh an domhain ort faoin mioneolas a bhí ag Verne faoi thaisteal na cruinne tar éis duit an leabhar a léamh. Ní raibh ach turas fada amháin déanta aige go Meirice i 1867 lena dheartháir, Pól, ar bord an *Great Eastern* a bhí páirteach i leagadh an chábla teileafóin idir an Eoraip agus Tuaisceart Mheirice, ach, bhí uncail leis, Prudent Allotte a chuaigh timpeall an domhain. Bhí luamh ag Verne, chomh maith, darbh ainm *Le Saint Michel* agus chuaigh sé ar turas air. Bhuail sé le Jacques Arago, tíreolaí agus taiscéalaí agus ba as sin a d'fhás an genre scríbhneoireachta seo, is é sin ná na leabhair thaistil.

Spreag Verne scríbhneoirí eile cosúil le J. R. R. Tolkien agus Arthur C. Clarke mar ba cheannródaí é maidir leis an genre finscéalaíocht eolaíochta. Rinne sé miontaighde ar an ábhar sular thosnaigh sé ag scríobh. Ba é an tarna scríbhneoir ar domhan a raibh a shaothar aistrithe go teangacha eile. Cailleadh é sa bhliain 1905.

Rugadh Torna nó Tadhg Ó Donnchadha i gCarraig na bhFear, Co. Chorcaí i 1874. Mhair sé i mBaile Átha Cliath idir 1892 agus 1916 agus é ina bhunmhúinteoir sa chathair. Rinne sé staidéar ar an bhFraincis agus ar an nGearmáinis.

Bhí sé i dteagmháil le George Moore agus le Pádraig Mac Piarais fad is a bhí sé ann. Toghadh ina Ollamh le Gaeilge é i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh i 1916 agus d'oibrigh sé ann go dtí 1944. Bhí a dheartháir, Éamonn, ina léachtóir le Gaeilge san ollscoil, chomh maith ó 1905 go 1946.

Rinne Torna aistriúchán ar '*Le tour du Monde en Quatre Virgts Jours*' thart ar 1912 agus cuireadh i gcló é ó sheachtain go chéile san *Irish Weekly Independent*. Níor foilsíodh é i bhfoirm leabhair go dtí 1938 agus an teideal a bhí air ná '*Cuaird an Domhain i gCeithre Fichid Lá*', cé go raibh sé, de réir réamhrá Thorna féin, réidh le foilsiú in Eanáir 1937. Athfhoilsíodh é ag Evertype i 2008 agus *Cuairt na Cruinne in Ochtó Lá*, mar theideal air. Is é Nicholas Williams a chóirigh an t-eagrán seo.

Tá na líníochtaí agus an léarscáil chéanna sa leabhar agus a bhí sa bhunleagan Francach foilsithe ag Hetzel. Tá botún amháin ar leathanach 280. Ba chóir go mbeadh 'a haon ar maidin' in ionad 'a haon déag san oíche' ach tá an leabhar aistrithe go slachtmhar ag Torna agus d'fhan sé dílis don bhunleagan. Is fiú é a léamh agus molaim go hard é.

Bhí scéim ag an nGúm, an foilsitheoir rialtais, sna 1930aidí chun litríocht fairsing a chur ar fáil agus chun leabhair a aistriú. Aistríodh *Cú na mBakerville*, *Dracula* agus tuilleadh nach iad ach luaigh Torna ina réamhrá gur chabhair ón Roinn Oideachais a fuair sé féin. D'imigh sé ar shlí na fírinne sa bhliain 1949.

Diarmuid Ó Conaill.

“Tá an leabhar aistrithe go slachtmhar ag Torna agus d’fhan sé dílis don bhunleagan. Is fiú é a léamh agus molaim go hard é.”



"Flogging An Capall Marbh"



Cad atá i ndán don Chúpla Focal?

B'shin í an ceannlíne a sheas amach ó cholún an eagarthóra san *Irish Examiner* ar an Luan 27 Aibreán a d'imigh tharainn. Bhíos fiosrach faoin alt. Bhí ionadh agus ceann fé orm, i ndiaidh dom é a léamh, caithfidh mé a rá. Nuair a bhíonn aon litir ná poiblíocht ar bith sna meáin le déanaí maidir le staid, todhchaí nó caomhnú na Gaeilge, tagann an dearcadh céanna trasna; an fiú airgead a chaitheamh uirthi mar níl 'saol fada buan' i ndán don teanga, i ndáiríre?

Ba é ráiteas Rónán Uí Dhomhnaill, An Coimisinéir Teanga, a chuir tús leis an tagairt is déanaí sna nuachtáin nuair a dhein sé gearán nach raibh an rialtas ag déanamh iarrachtaí rathúla chun an Ghaeilge a fhorbairt i measc na seirbhísí poiblí. Tá an port sin á sheinnt agam féin le blianta beaga anuas. Bíonn sé soiléir nuair a théann tú isteach go dtí na hionaid éagsúla ag lorg *Gnó le Gaeilge* nach mbíonn fostaí ar bith le feiceáil le suaitheantas Gaeilge. Ba cheart go mbeadh a leithéid de chóras ann. Ní bheadh aon bhrú ar éinne agus neartódh sé sin an comhrá agus thabharfadh sé seans do dhaoine a gcuid gGaeilge a úsáid. Níl béim rómhór ar an gcúpla focal agus tú ag siúl na sráide, mar a déarfá agus dá mbeadh deis labhartha againn ó lá go lá, ní bheadh fadhbhanna gramadaí chomh bagarthach dos na daltaí scoile faoi mar atá, faraor. Nuair is gann an bia, is ea is fial é a roinnt!

Eilís Uí Bhriain

CÚPLA
FOCAL



Comórtas

Cum teideal, rann nó comhrá a bheadh in oiriúint don ghrianghraf.

€30 an duais!

Seol do fhreagra chugam ag n.deburca@ucc.ie faoin 19 Meitheamh 2015.

N'fheadar sa diabhal cá'il An Loch?!!

Dúirt lacha liom go ndúirt lacha léi....

Lacha 1: Ná fuil Seán Bán fé bhláth?

Lacha 2: Tá, am baist! Is aige a bhí ardlá.

Lacha 1: Ná raibh císte deas aige inné.

Lacha 2: Do bhí, go deimhin, is fuílleach tae.

Lacha 1: N'fheadar sa diabhal cá'il an císte inniu?

Lacha 2: Is dathanna Chorcaí air, is uachtar, is subh!

Lacha 1: Is dócha go bhfuil sé go léir ite.

Lacha 2: Seachas istigh, bhíomar anso, suite!

Lacha 1: Dhera, fillfidimid i gceann 10 mbliana.

Lacha 2: Muna bhfuilimid fachta róchríonna!!

Áras Uí Thuama, Gaeltacht UCC, Crosaire Victoiria.

Lóistín ollscoile trí mheán na Gaeilge ar fáil don bhliain acadúil 2015 - 2016.

Dáta deireanach: 16 Meitheamh 2015.

Tuilleadh eolais: 021-4902314, g.labh@ucc.ie

Cúrsa Iriseoireachta

Ionad na Gaeilge Labhartha

Ag tosnú go luath

Breis eolais: s.olaoi@ucc.ie



Blúiríní

Dúchas.ie

Tá ábhar Chiarraí de chuid Bailiúchán na Scol ar fáil anois ar www.duchas.ie.

<http://www.gaois.ie/blg/ga/abhar-as-ciarrai/>

Nósanna na Bealtaine ar fud na tíre:

<http://duchas.ie/download/15.04.30-la-bealtaine-ga.pdf>

Raidió Pobail Chathair Chorcaí

100.5fm

Cláracha Gaeilge:

Ceol traidisiúnta gach Satharn ar 2 i.n. Fáilte roimh iarrataisí is moltaí.

Clár Gaeilge gach Satharn ar 7 i.n. Fáilte roimh lámh chúnta.